Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**12123/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0156(NLE)**

**CCG 22**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Iúil 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 282 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an athbhreithniú ar Airteagal 6 den Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 282 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 282 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.7.2024
COM(2024) 282 final

2024/0156 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an athbhreithniú ar Airteagal 6 den Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Airteagal 6 den Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil ('an Socrú').

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil

Is comhaontú oinigh é an Socrú idir an tAontas Eorpach, na Stáit Aontaithe, an Astráil, Ceanada, an Chóiré, an Eilvéis, an Iorua, an Nua-Shéalainn, an Ríocht Aontaithe, an tSeapáin agus an Tuirc (na 'Rannpháirtithe'), comhaontú a chuireann creat ar fáil lena bhféadfar creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil a úsáid go rianúil. Ciallaíonn sé sin go praiticiúil, cothroime iomaíochta idir na Rannpháirtithe a leagan síos (i gcás ina mbunófar an iomaíocht ar phraghas agus ar cháilíocht na n-earraí agus na seirbhísí a onnmhairítear seachas ar na téarmaí airgeadais a chuirtear ar fáil), agus an tráth céanna iarrachtaí a dhéanamh chun deireadh a chur le fóirdheontais agus leis an saobhadh trádála a bhaineann le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú hoifigiúil. Tháinig an socrú i bhfeidhm i mí Aibreáin 1978, beidh sé i bhfeidhm go ceann tréimhse éiginnte agus, cé go bhfaigheann sé tacaíocht riaracháin ó Rúnaíocht ECFE, ní Gníomh de chuid ECFE é[1].

Is socrú é atá faoi réir nuashonruithe rialta lena gcuirtear san áireamh an margadh airgeadais agus forbairtí beartais a dhéanann difear do sholáthar creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil. Rinneadh an Socrú a thrasuí, agus dá bhrí sin, le Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, rinneadh ceangailteach é ó thaobh an dlí de san Aontas[2]. Déantar athbhreithnithe ar théarmaí agus ar choinníollacha an tSocraithe a ionchorprú i ndlí an Aontais trí bhíthin Gníomhartha Tarmligthe de bhun Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011.

### 2.2. Na Rannpháirtithe sa Socrú agus sa chinnteoireacht

Déanann an Coimisiún Eorpach ionadaíocht thar ceann an Aontais i gcruinnithe na Rannpháirtithe, agus sna nósanna imeachta i scríbhinn le haghaidh cinnteoireacht ag na Rannpháirtithe freisin. Is de chomhthoil a ghlactar cinntí maidir le gach leasú a dhéantar ar an Socrú.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Rannpháirtithe

Tá athbhreithniú sainordaithe ar Airteagal 6 den Socrú á phlé ar leibhéal na Rannpháirtithe sa Socrú, ar bhonn tograí ón Aontas agus ó roinnt Rannpháirtithe eile. Tá sé d'aidhm ag na tograí sin an Socrú a ailíniú le spriocanna idirnáisiúnta aeráide trí thoirmeasc atá ann cheana ar thacaíocht do ghléasraí cumhachta gualbhreoslaithe neamh-mhaolaithe in Airteagal 6 a leathnú chun an earnáil fuinnimh breosla iontaise ina hiomláine a chumhdach, ach amháin in imthosca teoranta atá sainithe go soiléir.

---

1 Mar a shainmhínítear in Airteagal 5 de Choinbhinsiún ECFE.

2 Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinntí 2001/76/CE agus 2001/77/CE ón gComhairle (IO L 326, 8.12.2011, lch. 45).

Tacaíonn an fhianaise eolaíoch leis an athrú. De réir na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) ina hanailís 'Glan-nialasacht faoi 2050'[3], níor cheart aon infheistíocht nua a dhéanamh i soláthar breoslaí iontaise tar éis 2021 i gconair ghlan-nialasach. Ina theannta sin, thug go leor rialtais ECFE agus gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin gealltanais cheana féin chun na hathruithe beartais is gá a dhéanamh ar bhealaí éagsúla: ar an leibhéal náisiúnta, le beartais céimnithe amach a ghlacadh, agus freisin i ráitis iltaobhacha, mar shampla, Ráiteas COP 26 maidir le Tacaíocht Phoiblí Idirnáisiúnta don Aistriú chuig Fuinneamh Glan. I mí Aibreáin 2023, mheabhraigh Airí Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil G7 a ngealltanas maoiniú idirnáisiúnta oifigiúil a ailíniú le spriocanna Chomhaontú Pháras, agus thug siad dá n-aire freisin gur gá an tslándáil náisiúnta agus leasanna geostraitéiseacha a chur san áireamh. D'aithin an Chomhairle luach anailís IEA, mar aon le luach Phainéal Idir-Rialtasach na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IPCC) sna Conclúidí uaidh i mí an Mhárta 2022 ina luaitear go gcinnteodh na Ballstáit, faoi dheireadh 2023, 'a spriocdhátaí eolaíochtbhunaithe féin chun deireadh a chur le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil do thionscadail san earnáil fuinnimh breosla iontaise, ach amháin i gcúinsí teoranta a shaineofar go soiléir atá comhsheasmhach le teorainn téimh 1.5°C agus le spriocanna Chomhaontú Pháras.'[4]

Leis an ngníomh atá beartaithe, bhunófaí riail ghinearálta nach bhféadfaí creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil ná cabhair cheangailte a dheonú don earnáil fuinnimh breosla iontaise ach amháin in imthosca teoranta a shaineofar go soiléir atá comhsheasmhach leis an teorainn téimh 1.5°C agus le spriocanna Chomhaontú Pháras. Ní leagfaí amach cineál na n-imthosca sin leis ach cheadófaí discréid do Rannpháirtithe ina gcur chuige. D'áiritheofaí araíonacht maidir le húsáid na solúbthachta sin le hoibleagáidí trédhearcachta.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Ós rud é go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaidh lucht creidmheasanna onnmhairiúcháin ECFE rialacha an tSocraithe agus bearta praiticiúla ar bhonn chuspóirí an bheartais aeráide ar bhealach leordhóthanach, féachfaidh an tAontas le teacht ar chomhaontú maidir le deireadh a chur leis an gcumhacht gualbhreoslaithe de réir a chéile sna cruinnithe a bheidh ann amach anseo. Is dócha go mbrúfaidh roinnt Rannpháirtithe eile sa treo céanna agus d'fhógair rannpháirtithe eile i mbliana go gcuirfidís deireadh leis an tacaíocht don earnáil fuinnimh breosla iontaise neamh-mhaolaithe. Ba cheart don Aontas a bheith in ann seasamh a ghlacadh maidir leis an athbhreithniú ar Airteagal 6 den Socrú. San Iarscríbhinn a ghabhann leis an togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle tá an togra is déanaí ón Aontas maidir le ceann scríbe an chomhaontaithe. Ba cheart gurb é seasamh an Aontais páirt a ghlacadh sa chomhdhearcadh maidir le Cinneadh ECFE, má tá sé i gcomhréir leis an gceann scríbe sin.

## 4. AN BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht

[3] https://www.iea.org/reports/net-zero-by-2050

[4] Conclúidí ón gComhairle maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin, a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) ag an 3855ú cruinniú a bhí aici an 15 Márta 2022 (https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-7101-2022-INIT/ga/pdf.)

arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Cuimsítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh 'tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'[5].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

D'fhéadfadh an gníomh atá beartaithe tionchar cinntitheach a bheith aige ar inneachar reachtaíocht an Aontais, eadhon Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinntí 2001/76/CE agus 2001/77/CE ón gComhairle. De bharr Airteagal 2 den Rialachán seo, ina sonraítear 'Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 3 chun Iarscríbhinn II a leasú mar thoradh ar leasuithe ar na treoirlínte arna gcomhaontú ag Rannpháirtithe sa Socrú'. Áirítear leis sin leasuithe ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Socrú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is le creidmheasanna onnmhairiúcháin a bhaineann príomhchuspóir agus príomhinneachar an ghnímh atá beartaithe, gníomh a thagann faoi raon feidhme an chomhbheartais tráchtála. Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE ba cheart a bheith ina bunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar an Socrú leis an ngníomh atá beartaithe, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

---

[5] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

2024/0156 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an athbhreithniú ar Airteagal 6 den Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh na treoirlínte atá sa Socrú maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil ('an Socrú') a thrasuí, agus dá bhrí sin, rinneadh ceangailteach go dlíthiúil iad san Aontas Eorpach le Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

(2) I gcomhréir le hAirteagal 6 den Socrú, ba cheart do rannpháirtithe sa Socrú (na 'Rannpháirtithe') athbhreithniú a dhéanamh ar an airteagal seo agus é mar chuspóir acu a théarmaí agus a choinníollacha a neartú a thuilleadh chun rannchuidiú leis an sprioc chomhchoiteann aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.

(3) Ba cheart an cinneadh atá beartaithe maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar Airteagal 6 den Socrú a bheith i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh de bhun Chomhaontú Pháras agus bheartas aeráide an Aontais.

(4) Sna Conclúidí uaithi maidir le creidmheas onnmhairiúcháin an 15 Márta 2022, d'fhógair Comhairle an Aontais Eorpaigh cheana go bhfuil sé ar intinn ag na Ballstáit a spriocdhátaí eolaíochtbhunaithe féin a chinneadh ina mbeartais náisiúnta faoi dheireadh 2023 chun deireadh a chur le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil do thionscadail san earnáil fuinnimh breosla iontaise, ach amháin i gcúinsí teoranta a shaineofar go soiléir atá comhsheasmhach le teorainn téimh 1.5°C agus le spriocanna Chomhaontú Pháras.

(5) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir leis an athbhreithniú ar Airteagal 6 den Socrú, is iomchuí an seasamh sin a leagan síos de bhrí go mbeidh an cinneadh atá beartaithe ag na Rannpháirtithe sa Socrú ceangailteach ar an Aontas, agus gur féidir leis tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais, de bhua Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011,

---

[6] Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinntí 2001/76/CE agus 2001/77/CE ón gComhairle (IO L 326, 8.12.2011, lch. 45) ('Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011').

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais páirt a ghlacadh i gcomhdhearcadh Rannpháirtithe sa Socrú maidir leis an athbhreithniú ar Airteagal 6 den Socrú agus ar airteagail ghaolmhara eile i gcomhréir leis an iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*